PLEAN CEACHTA 1: BUNTREOIR AR BHLEAIST EOLAÍOCHTA BSL

ACMHAINNÍ AR FÁIL: PowerPoint 1 & Bileog Oibre 1

AM RANGA: 20-30 nóim | Dáta:

Ábhar: | Sraith: | Rang

Scileanna Eolaíochta: Ceistiú, Fiosrú

Cuspóirí Foghlama	Gníomhaíochtaí Foghlama	Acmhainní
Foghlaim faoin mbealach suntasach a chuireann eolaíocht leis an saol laethúil.	**Seisiún Tobsmaointeoireachta (5-10 nóim)** Cuir an rang ar an eolas ag úsáid sleamhnán 1 ó PowerPoint 1 ar an gclár bán. Téigh i mbun tobsmaointeoireachta leis an rang: **"Cén fáth a bhfuil an EOLAÍOCHT chomh tábhachtach dúinn? Cén chaoi a gcabhraíonn sí linn?"** Úsáid na leideanna amhairc agus scríofa atá sa PowerPoint chun plé a spreagadh agus smaointe breise a thaifeadadh. **Plé:** Mar fhocal scoir, cuir béim ar an teachtaireacht gur **bealach tábhachtach í an EOLAÍOCHT chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn an domhan. Tá tuiscint eolaíoch suntasach mar gur féidir í a thástáil agus a cheistiú. Is é pointe tosaigh na heolaíochta go léir a bheith fiosrach agus CEISTEANNA A CHUR .....**	Sleamhnán 1 PowerPoint
Foghlaim faoi aidhmeanna agus cuspóirí BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL.	**Cuir BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL in aithne don rang (10 nóim)** Úsáid an saothar ealaíne agus naisc físe ar shleamhnán 2 den PowerPoint chun a insint conas a d'oibrigh an clár BLEAIST EOLAÍOCHTA sna blianta roimhe seo.. Déan cur síos ar an dúshlán: **Imscrúdú eolaíochta ranga iomlán a chruthú bunaithe ar cheist AR BITH a roghnaíonn muid!** Roghanna: Féadfaidh tú rogha an ranga a shrianadh go réimse áirithe imscrúdaithe. Eg. Téama a bhaineann le hobair ranga a rinneadh le déanaí nó atá ceangailte leis an gceantar áitiúil.	Sleamhnán 2 PowerPoint
Faigh amach go bhfuil sé tábhachtach smaoineamh ar an mBEALACH chun ceist a fhreagairt	**Tobsmaointeoireacht (5-10 nóim)** Inis don rang go gcaithfidh tú a bheith ag smaoineamh, nuair a bhíonn ceist a d'fhéadfaí a úsáid á moladh agat, an bhfuil aon ghníomhaíochtaí ann a d'fhéadfadh cabhrú leat freagra a fháil. B'fhéidir turgnamh/ní éigin a thógáil, nó ceistneoir/suirbhé? Eagraigh do rang i ngrúpaí tobsmaointeoireachta de 4-6 duine. Iarr orthu aon smaointe tosaigh a d'fhéadfadh a bheith acu a phlé. (Ní mór cuimhneamh nach mbeidh sna smaointe agus pleananna ach an tús. Níl anseo ach bealach chun splancacha inspioráide a chruthú).	Sleamhnán 3 PowerPoint  Céim 1
Faigh amach faoin luach a bhaineann le	**Faigh cabhair ó do theaghlach/cairde (Obair bhaile)** Tabhair **Bileog Oibre 1** do gach gasúr agus iarr orthu smaointe a phlé sa bhaile. Déan a gcuid smaointe a thaifeadadh ar bhileog oibre 1 nó ar bhealach eile (m.sh. físeán)	Bileog Oibre 1
	Measúnú Riosca agus Beartú Tosaíochta: Mar ullmhúchán don chéad cheacht eile, léigh gach ceann de na tograí a cuireadh ar fáil agus déan liosta gearr de 3 cinn de na moltaí is fearr. Tá sé tábhachtach ceisteanna a chur as an áireamh nach bhfuil mórán féidearthachta leo maidir le gníomhaíochtaí inréadaithe nó ceisteanna atá neamhshábháilte. Ná bí ag súil go mbeidh forbairt iomlán déanta ar smaointe maidir le gníomhaíochtaí. Beifear ag súil leis sin sa chéad chéim eile...	